ar an ngé a rádh, go bhfuil Gadaí Dubh Ó Dubháin ar a' lota." Nuair a chuala an Gadaí Dubh an chainnt anuas leis de léim agus as go bráthach leis an sagart agus le na dhreabhthar a' rith ina dhiadh. Nuair a fuair Gadaí an tSliabh Ruadh imighthe iad sgaoileann sé an capall agus buaileann sé a' mairciaghacht uirthe, no go dtáinig sé suas leis an nGadaí Dubh. Bhíodar a' déanamh ar Bh'leá Cliath agus agus bhí beirt shagairt a' danamh orthab agus d'aithnigh na sagairt capall an tsagairt a dtugadar an capall uaidh. "Agus is maith an ceart dhuinn í bhainnt dhíobh" adeir sagart acab